An Coimisiún Eorpach

# BUISÉAD AE
# DON TODHCHAÍ




2 Bealtaine 2018

## FOINSÍ IONCAIM BHUISÉAD AN AONTAIS EORPAIGH A NUACHÓIRIÚ

Níor tháinig aon athrú le fiche nó tríocha bliain anuas ar na trí fhoinse ioncaim atá ag buiséad an Aontais Eorpaigh:

- Déantar dleachtanna custaim a ghearradh ar oibreoirí eacnamaíocha, bailítear ag teorainneacha seachtracha an Aontais iad agus cuirtear le buiséad an Aontais iad. Coinníonn na Ballstáit 20 % den mhéid iomlán mar chúiteamh i leith bhailiú na ndleachtanna.
- Na boinn ar a meastar **Cáin Bhreisluacha (CBL)** i ngach Ballstát faoi láthair, déantar iad a chomhchuibhiú i bpróiseas casta staitistiúil sula ngearrtar an ráta céanna 0.3 % ar gach Ballstát, ach amháin i gcásanna eisceachtúla.
- Is as acmhainní dílse an **Ollioncaim Náisiúnta (OIN)** a thagann an chuid sin den bhuiséad nach bhfuil cumhdaithe ag ioncaim eile. Déantar an céatadán céanna a ghearradh ar OIN gach Ballstáit. Socraítear an ráta le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil. Is laghdú a bhíonn i gceist i gcás roinnt Ballstát.

### An chaoi ar athraigh foinsí ioncaim bhuiséad AE



# CAD ATÁ BEARTAITHE AG AN GCOIMISIÚN?

- **Na hacmhainní dílse atá ann cheana a nuachóiriú mar seo a leanas:**
  - na dleachtanna custaim a choinneáil mar acmhainní dílse traidisiúnta don Aontas, ach an céatadán a choinníonn na Ballstáit mar chúiteamh i leith bhailiú na ndleachtanna a ísliú ó 20 % go 10 %;
  - an acmhainn dhílis atá bunaithe ar OIN a choinneáil, agus é a choinneáil mar acmhainn chomhardúcháin;
  - an acmhainn dhílis atá bunaithe ar CBL a shimpliú.
- **Réimse d'acmhainní dílse nua a thabhairt isteach:**
  - **Glaoráta 3 %** a chur i bhfeidhm ar an g**Comhbhonn Comhdhlúite nua don Cháin Chorparáide**;
  - Sciar 20 % den ioncam ceantála ón g**Córas Eorpach Trádála Astaíochtaí**;
  - Ranníocaíocht náisiúnta a bheidh bunaithe ar **an méid dramhaíola neamh-athchúrsáilte ó phacáistiú plaisteach** i ngach Ballstát.
- **Deireadh a chur le lacáistí** ach is de réir a chéile thar thréimhse 5 bliana a chuirfear deireadh leis na laghduithe sa chaoi is nach dtiocfaidh méadú tobann ar ranníocaíocht Bhallstát áirithe.
- **Uasteorainn na n-acmhainní dílse a ardú**: cead a thabhairt é a iarraidh ar na 27 mBallstát sciar níos airde den OIN a thabhairt mar acmhainní dílse chun caiteachas a bhaineann le buiséad an Aontais a chúiteamh.

Ar bhonn na dtograí ón gCoimisiún, fágfaidh na hacmhainní dílse nua go gcuirfear **€22 bhilliún**, ar an meán, in aghaidh na bliana le buiséad an Aontais, sin thart ar **12 % d'ioncam iomlán an bhuiséid**.

### Nuachóiriú na n-acmhainní dílse atá ann cheana

- Acmhainní dílse atá bunaithe ar CBL: simpliú
- Acmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim den chuid is mó): costais níos ísle i leith bailiú (10 % seachas 20 %)
- Ranníocaíocht atá bunaithe ar OIN: sciar níos ísle

### Acmhainní dílse nua

- Comhbhonn Comhdhlúite don Cháin Chorparáide
- 20 % den ioncam as an gCóras Trádála Astaíochtaí
- Ranníocaíocht náisiúnta atá bunaithe ar dhramhaíl neamh-athchúrsáilte ó phacáistiú plaisteach

### Ioncam eile

- Ioncam tiarnais (ioncam seachtrach atá sannta don Sásra nua Cobhsaíochta Infheistíochtaí)
- Ioncam as an gCóras Eorpach nua um Fhaisnéis agus Údarú Taistil

### Deireadh le lacáistí

- De réir a chéile thar thréimhse cúig bliana

### Uasteorainn níos airde d'acmhainní dílse

- Ó 1.2 % den OIN mar atá ann faoi láthair go dtí 1.29 % den OIN

| FOINSE IONCAIM atá beartaithe ag an gCoimisiún | CAD É AN RUD É? | CÉN FÁTH A BHFUIL SÉ Á BHEARTÚ? | CÉN CHAOI A nOIBREOIDH SÉ? | CÁ MHÉAD A CHUIRFIDH SÉ LEIS AN mBUISÉAD? |
|---|---|---|---|---|
| **Ranníocaíochtaí simplithe atá bunaithe ar CBL** | Cáin tomhaltais atá bunaithe ar an mbreisluach a chuirtear leis na hearraí agus na seirbhísí uile a dhíoltar san Aontas. | Bonn cánach comhchuibhithe seanbhunaithe uile-AE a chuirfidh leis an Margadh Aonair. | Modh ríomha thar a bheith oiriúnaithe agus éifeachtach. Glaoráta ar bhonn CBL simplithe. | €25 bhilliún sa bhliain. |
| **Comhbhonn Comhdhlúite don Cháin Chorparáide, an earnáil dhigiteach san áireamh** | Is éard is Comhbhonn Comhdhlúite don Cháin Chorparáide ann foireann amháin rialacha coiteanna lena ndéantar an brabús inchánach a bhíonn ag gnólachtaí san Aontas Eorpach a ríomh. | Baineann gnólachtaí móra an-leas as an margadh aonair. Le ranníocaíocht atá bunaithe ar Chomhbhonn Comhdhlúite comhchuibhithe don Cháin Chorparáide, neartófar an nasc idir na buntáistí a bhaintear as an Margadh Aonair agus maoiniú an Aontais. | Gearrfaidh gach Ballstát cáin ar a sciar féin den bhrabús ag a ráta cánach náisiúnta féin agus d'fhéadfaí glaoráta a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais. | €12 bhilliún sa bhliain (tar éis an Comhbhonn Comhdhlúite don Cháin Chorparáide a thabhairt isteach). |
| **Ioncam ón gCóras Trádála Astaíochtaí** | Is é an Córas Eorpach Trádála Astaíochtaí cloch choirnéil bheartas aeráide an Aontais. Cuireann na Ballstáit 'lamháltas' áirithe astaíochtaí ar ceant agus is féidir le lucht gnó iad a cheannach chun a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a chúiteamh. | Teacht isteach measartha mór de dhroim beartas Eorpach lán-chomhtháite. | D'fhéadfaí sciar de na fáltais as ceantáil na lamháltas a chur ar fáil do bhuiséad an Aontais.<br>Ní chuirfear isteach ar na sásraí cosanta agus cothroime atá cuimsithe sa Chóras Trádála Astaíochtaí. | €3 bhilliún sa bhliain (ag brath ar phraghas an charbóin agus gan dochar don phraghas sin) |
| **Ranníocaíocht atá bunaithe ar dhramaíl neamh-athchúrsáilte ó phacáistiú plaisteach** | Is foinse ioncaim nua seo. Ní acmhainn dhílis bunaithe ar cháin atá ann ach ranníocaíocht náisiúnta a shocrófar de réir tosca timpeallachta. | Is fadhb ollmhór an bruscar plaisteach agus ní mór tabhairt faoin bhfadhb sin ar chaíonna éagsúla. Cruthóidh an acmhainn dhílis nua seo dreasachtaí láidre do na Ballstáit cur lena gcuid rátaí athchúrsála. Tá dlúthnasc idir í agus an Tionscnamh maidir le Geilleagar Ciorclach agus an Straitéis Eorpach i leith Plaisteach. | Ranníocaíocht ó na Ballstáit a ríomhfar de réir an mhéid dramhaíola neamh-athchúrsáilte ó phacáistiú plaisteach a thuairiscítear faoin Treoir um Pacáistiú. | €7 mbilliún de réir glaoráta €0.80/kg. |

Print ISBN 978-92-79-84830-8 doi:10.2775/978452 NA-02-18-467-GA-C
PDF ISBN 978-92-79-84841-4 doi:10.2775/548991 NA-02-18-467-GA-N